C/2025/6566

9.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12256 — SOJITZ CORPORATION / NEXUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6566)

1. An 28 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sojitz Corporation of Europe B.V. ('Sojitz Europe', an Ísiltír), atá faoi rialú Sojitz Corporation, (an tSeapáin),

— Nexus Energía, S.A. ('Nexus', an Spáinn).

Gheobhaidh Sojitz Europe rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nexus ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta agus maoinithe é Sojitz Europe. Is ilchuideachta dhomhanda í a máthairchuideachta Sojitz Corporation atá gníomhach i ngnólachtaí éagsúla, go príomha i réimse na trádála earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear in earnáil an fhuinnimh,

— Is soláthróir údaraithe leictreachais agus gáis é Nexus atá gníomhach go príomha i margaí na Spáinne agus na Portaingéile. Ina theannta sin, cuireann Nexus seirbhísí a bhaineann le fuinneamh agus le dícharbónú ar fáil, lena n-áirítear comhairliúchán maidir le dícharbónú, féintomhaltas agus stóráil, deimhnithe éifeachtúlachta fuinnimh agus coigilte fuinnimh, agus seirbhísí solúbthachta éilimh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12256 — SOJITZ CORPORATION / NEXUS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË